



**Imlitir 0028/2011**

**Chuig: Údaráis Bhainistíochta na mBunscoileanna Aitheanta**

**NA NÓSANNA IMEACHTA LEASAITHE UM ARDÚ CÉIME I gcÁS  
LEASPHRIOMHOIDE, PRÍOMHOIDE CÚNTA AGUS OIDE UM DHUALGAIS  
SPEISIALTA A CHEAPADH**

**i mBunscoileanna Aitheanta**

Tar éis comhaontú a bheith bainte amach idir na páirtithe atá gafa sa Chomhairle Réitigh Oidí, cuireann an tAire Oideachais agus Scileanna an dualgas ort na hathruithe a leanas a chur i bhfeidhm ar an scéim mharcála a úsáidtear i gcóir oidí intofa cláraithe a cheapadh do phoist dualgais ar an gcoinníoll go bhfuil a leithéid d'oidí fostaithe i bpost teagaisc faofa a dhéantar a mhaoiniú ag airgeadais a sholáthraíonn an tOireachtas.

Glacann an imlitir seo an t-ionad míre 9, alt (h) den imlitir p007/2003 maidir leis na nósanna imeachta um ardú céime i gcóir oidí i mbunscoileanna aitheanta. Na ceapacháin a bheidh beartaithe faoin Imlitir seo, beidh siad faoi réir na státchairde reatha i gcás na ngrád a bhaineann leis na poist dualgais um phríomhoide cúnta agus oide um dhualgais speisialta.

Baineann na nósanna imeachta seo le oidí a bhfuil tuarastal breisiócach ar fáil acu faoi chonradh buan nó faoi chonradh um fad ama éiginnte nó faoi chonradh um théarma seasta (e.g. lánaimseartha sealadach) nó faoi pháirtaimseartha rialta mar a shainítear san Acht um Chosaint Fostaithe (Saothar um Théarma Seasta) 2003.

Caithfidh gach fostóir na critéir roghnaithe leasaithe a fheidhmiú gan a thuilleadh moille.

Ar mhiste a dheimhniú go ndéanfar cóipeanna den imlitir seo a sholáthar do gach bhall den Bhord Bainistíochta agus go ndéanfar aird na n-oidí uile atá ar fostaíocht agat, iad san ar cead scoir san áireamh, a dhíriú ar ábhar na himlitreach seo.

Is féidir teacht ar an Imlitir seo ar láithreán gréasáin na Roinne faoi [www.education.ie](http://www.education.ie) Home – Education Personnel – Primary – Recruitment Policies.

Ba chóir gach fiosrú ar ábhar na himlitreach seo a rphostáil chuig [teachersna@education.gov.ie](mailto:teachersna@education.gov.ie)

D. Tattan

Príomh-Oifigeach

Téarmaí & Coinníollacha i gcás Oidí agus Cúntóirí um Riachtanais Speisialta

## 1. Aidhm na hImlitreach seo

Breacrianann an imlitir seo na hathruithe atá déanta ar na scéimeanna marcála agus ar na sceidil a úsáidtear i gcóir leasphríomhoide, príomhoide cúnta agus oidí um dhualgais speisialta i mbunscoileanna a cheapadh ach faoi réir na státchairde atá i bhfeidhm faoi láthair.

## 2. An Scéim Mharcála Leasaithe agus na Critéir Roghnaithe

- a. Tá sé ráite in alt 9, mír (h) den Imlitir 007/2003 go mbeidh roghnú an t-iarrthóra rathúil bunaithe ar thrí cinn de chritéir.

Tá an leasú a leanas déanta ar na critéir roghnaithe:-

1) An fad ama a lean an tseirbhís <i>An modh chun fad ama na seirbhíse a ríomh ,tá sé curtha in iúl san Imlitir 07/03</i>	30 marc
2) Eolas, tuiscint agus acmhainn chun riachtanais na hoibre a shásamh	15 marc
3) Acmhainn chun páirt a ghlacadh i bhforbairt iomláine na scoile	15 marc
4) Scileanna cumarsáide agus idirphearsanta	15 marc
5) Acmhainn chun páirt a ghlacadh i mbainistíocht na scoile agus san eagraíocht chomh maith.	15 marc

- b. Tá leasú mar a leanas déanta ar Mhír 9(g) d'Imlitir 07/2003:-  
*“Beidh Cathaoirleach an Bhord Roghnaithe freagrach as croinicí na n-agallamh, na bileoga marcála san áireamh, a choinneáil go dtí go mbeidh próiseas an cheapacháin comhlíonta. Caithfear aire ar leith a thabhairt don chóras marcála sa chás go mbeadh agallaimh iomadúla i gceist. Is leis an mBord Roghnaithe féin a bhfanann an cinneadh a scéim mharcála féin a fhorbairt ar an gcoinníoll go dtabharfar an t-ualú cui do na cúig chritéir sa liosta thuas.”*

## 3. Déanamh an Bhord Roghnaithe agus an Chóras Achomhairc

Leanfar le feidhmiú na n-eagar reatha.